



Cuideachta Phor
Sionainne agus Fhainge

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

**(Comhlacht cuideachta faoi theorainn
scaireanna)
agus fochuideachta gnótha:**

**Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitís Chomhdhlúit
Airgeadais**

Bliain dár críoch 31ú Nollaig, 200

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge
(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth

Tuairisc Bhliantuil agus Ráitís Airgeadais Chomhdhlúite 2009

Clár

Leathanach

Stiúrthoirí agus eolais eile	2
Tuairisc na Stiúrthoirí	3 - 5
Ráiteas an Chathaoirligh	6 - 8
Tuairisc Corparáideach Rialtais	9 - 10
Athbhreithniú Gnó agus Oibrí	11 - 13
Tuairisc Neamhspleach na Finiuchóirí	14 - 15
Polasaí Cuntasaíochta	16 - 17
Cuntas Chomhdhlúite Brabús agus Cailteanaí	18
Ráiteas Chomhdhlúite do aitheantas iomlán Brabach agus Easnamh	19
Clár Comhardaithe Chomhdhlúite	20
Clár Comhardaithe an Chomhlacht	21
Ráiteas Chomhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid	22 - 23
Notaí do na Ráitís Airgeadais	24 - 37

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge
(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth
Stiúrthóirí agus Eolas Eile

Bord

C. Nic Aonghusa (Chaoirleach)
M. Mac Adaim
S. O'Carraigh
E. Mac Sheoinín
P. ó'Catháin
R. Nic an Oirchinnigh
D. O' Neachtáin
C. ó hAnluain
G. ó'Riada
R. Sadlier
I. ó'Treasaigh
P. ó'Céitinn

Rúnaí agus Oifig Cláraithe.

P. ó'Loinsigh
Oifig an Chaladh
Faing
Co. Luimní

Uimhir Cláraithe: 332414

Iniúcháirí Neamhspleach

Grant Thornton

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Teach an Mhuilleann
Sráid Anraí
Luimneach

Bainistíocht

P. ó'Céitinn	Príomhfheidhmeannach
M. ó'Muireasa	Bainisteoir Trachtála
P. ó'Loinsigh	Bainisteoir Riaracháin
A. ó'Cochláin	Bainisteoir an Cuain
S. Carlton	Bainisteoir Innealtóireachta agus Seirbhísí Cuain.
E. de Stainléigh	Cuntasóir Airgeadais.

Dlíodóirí

Harrison O'Dowd

98 Sráid Anraí
Luimneach

Holmes O'Malley Sexton

Geata an Easpaig
Sráid Anraí
Luimneach

Baincéirí

Allied Irish Bank Plc

Príomhshráid
Faing
Co. Luimní

Banc na hEireann

125 Sráid Uí Chonaill
Luimneach

Achtuire

Invesco Teo.

4 Banc an Dheisceart na Croise
Faiche na Croise
Corcaigh

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge **(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth.**

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá pléisiúr ag na stiúrthóirí a tuarascáil bhliantúil a chuir isteach chuig na scairshealbhóirí chomh maith le Ráitéis Iniúchadh Comhdhlúite Airgeadais don bhliain dar críoch 31, mí na Nollag, 2009

Cúram na Stiúrthóirí do na Ráitéis Airgeadais

Téastaíonn uaidh dlí na gcuideachtaí na hÉireann go t-ullmhóidh na stiúrthóirí ráitéis airgeadais i gcóir gach bhliain airgeadais rud a thugann tuairm cruinn agus fíor dúinn ar ghnó na gcomhlachtaí agus don ghrúpa chomh maith le brabús nó cailteanas an chomhlacht agus an ghrúpa don tréimhse ama sin. Nuair a bhíonn na ráitéis airgeadais á n-ullmhú acu, tá ar na stiúrthóirí:

- Beartais cuntasáíochta feiliúnach a roghnú agus iad a chuir i bhfeidhm go seasmhach.
- Breithiúnas a dhéanamh ar meastacháin atá ceart and cóir.
- Ráitéis Airgeadais a ullmhú ar an mbun chúram mura féidir glacadh leis go bhfuil an comhlacht agus ar grúpa chun leanacht ar aghaidh i ngnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair na cuntaisí a beith in eagar le nochtadh agus le cruinneas in aon am go bhfuil cúrsaí airgeadais an chomhlacht agus an ghrúpa agus chun ligeann dóibh go bhfuil na ráitéis airgeadais ullmhaithe i ngléic le caighdeán cuntasíochta a ghlactar leis de ghnáth in Éirinn agus atá de réir Acht Comhlachtaí na hÉireann 1963 to dtí 2009, agus an Comhphobal Eorpach (Comhlachtaí: Grúpachuntas) Rialacháin, 1992. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní an chomhlacht agus an ghrúpa a chosaint chomh maith le céimeanna feiliúnach a thógáil as an chosaint agus ar lorgaireacht ar chaimiléireacht nó aon ghníomh mirialta eile.

Leabhair na gCuntas

Na céimeanna atá togtha ag na stiúrthóirí chun aontú daingean a bheith acu ó thaobh dualgais leabhair na gcuntas a choiméad tré córas agus gnáthamh agus tré fostaí éifeachtach a chuir ar fail. Coiméadtar leabhair na gcuntas ag Teach an Mhuileann, Faing, Co. Luimní.

Rialíú Corparáideach

Tá geall ar an gcomhlacht le cód cleachtadh do rialíú na Comhlachtaí Stáit. Tá iniuchóirí inmhéanach fostaithe mar chuid den chúrsa. Tá tuarascáil ar leith ar rialíú corparáideach leagtha amach ar leathanaigh 9-10

Acht Íocaíocht Prás do Chuntaisí, 1997

Is é polasaí an chomhlacht agus an ghrúpa ná comhlíonadh de réir an dlí ó thaobh r-ábhair de réir na tearmaí atá leagtha síos in Acht Íocaíocht Prás de Chuntaisí, 1997.

Gníomhachtaí Prionsabail

Is é aidhm ghnó an ghrúpa ná cabhrú le gluaiseacht na r-earraí agus le eolas na freastalaí a thuairis ciú thríd Inbhear na Sionainne. Le seo in intinn, cruthaíonn an grúpa bonneagar, áiseanna, seirbhísí agus loistín a theastaíonn chun freastal chun na hearraí a aistriú go héifeachtúil idir an iompar talamh agus farraige. Tá an t-airgeadas atá nascaithe le soláthar, na haiseanna forbartha ó tháillí soitheach agus earraí stíobheadóireacht, cíos agus seirbhísí coimhdeach atá tugtha.

Athbhreithniú an Ghnó

Tá athbhreithniú ar fheidhmiú an ghrúpa leagtha síos ar leathanach 11-13.

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth.

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lear

Forbairt sa Todhchaí

Tá straitéis an ghrúpa dírithe ar forbairt a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí in Inbhear na Sionainne agus leanóidh sé seo ar aghaidh ins na blianta atá le teacht.

Clár Iar-Chomhardaithe na hImeachtaí

Ní raibh aon mór-imeachtaí a chuir isteach ar an ghrúpa ó dheireadh bhliana.

Torthaí agus Díbhinní

Taispeánann an cuntas consólaithe torthaí an ghrúpa ar bhrabús agus cailteanas don bhliain atá caite ar leathanach 18.

Ní mholann na stiúrthóirí íocaíocht ar dhíbhinn.

Instealladh Chaipiteal

Sheas sé seo don difríocht a bhí idir luach glan na sóchmhainní tógtha ar lámh ar Lá Dílseacháin (17 Meán Fómhair 2000) agus ar an scairchaipiteal eisithe ag an am sin.

Thug na scairshealbhóirí síntiús do €3,809,214 do ghnáth scaireanna do €1.269738 an duine i rith an bhliain atá caite 2001.

Roinneadh scaireanna de réir an suim airgid i rith an bhliain a chríochnaigh 31 mí na Nollag 2002 mar seo a leanas: -

3,047,371 gnáth scaireanna ar €1.25 an ceann.

Ina bhreis bhí 11,246,513 gnáth scaireanna ar €1.25 an ceann eisithe amach as an instealladh chaipiteal mar a bhí ar 31 mí na Nollag 2001.

Stiúrthóirí

Tá aimneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí ag am ar bith i rith an bhliain dár chríoch 31 Nollag 2009 luaighte thíos. Mura bhfuil tugtha le fios, ciallaíonn sé gur oibrigh siad mar stiúrthóir don bhliain ar fad.

C. Nic Aonghusa (Chaoirleach)
M. Mac Adaim
S. O'Carraigh
E. Mac Sheoinín
P. ó'Catháin
R. Nic an Oirchinnigh
D. O' Neachtáin
C. ó hAnluain
G. ó'Riada
R. Sadlier
I. ó'Treasaigh
P. Ceitinn (Ceaptha 18ú Márta 2010)

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fchuideachta gnóthas

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lear

Suimeanna na Stiúrthóirí agus na Rúnaithe

Nil aon suim tairbheach ag na stiúrthóirí nó ag an runaí, ina measc suimeanna an chlann, i scair-chaipiteal an chomhlacht nó Comhlachtaí Fochuideachta ar 31 mí na Nollag 2008 agus 31 mí na Nollag 2009.

Taighde agus Forbairt

Tá an grúpa ceangailte le taighde agus le forbairt chun tairbhe an chustaiméir agus na timpeallachta

Fochuideachtaí

An t-eolas a theastaíonn ó Rannóg 158 (4) do Acht na gComhlachtaí 1963 tá sé ar fáil i nóta 10 do na Raitéis Airgeadais.

Iniúcháirí

Leanóidh na hIniúcháirí i Grant Thornton ar aghaidh agus fanfaidh siad in oifig de réir Rannóg 160 (2) do Achtna gComhlachtaí, 1963.

Ráitéis Airgeadais a chinntiú

Chéadaigh na stiúrthóirí na Ráitéis Airgeadais ar an 27ú Márta 2009.

Thar ceann an Bhoird

Cáit Nic Aonghusa
Stiúrthóir

Rísteard Sadlier
Stiúrthóir

Dáta : 19ú Márta 2010

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge **(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agufochuideachta gnóthas**

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm tuarascáil bhliantúil Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a chur os bhur gcomhair.

Gníomhaíochtaí

Choinnigh Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a seasamh mar an dara cuideachta calafoirt is mó in Éirinn i dtéarmaí tréchur tonnáiste i 2009 cé go raibh titim 30% ar an tréchur lasta de 7.6 milliún tonna ón mbliain seo caite. Ba ar líon na lastaí a théann trí chríochfoirt faoi úinéireacht phríobháideach ba ghéire an laghdú: 34% in aghaidh na bliana an meánlaghdú a bhí air. Tháinig laghdú 14% ar an meán ar lasta a théann trí shaoráidí na Cuideachta féin. Sa ráithe dheireanach den bhliain, tháinig méadú ar an trácht trí bhunáite na gcríochfort. Táimid dóchasach go leanfar den mhéadú le linn na bliana 2010. €1.956 milliún ba ea an brabús oibriúcháin roimh chostais mhaoinithe, chaillteanas as diúscairt sócmhainní agus mhíreanna eisceachtúla. Laghdú de 7% is ea é sin ar bhrabús na bliana 2008. Lúide na gcostas thuasluaite, bhí brabús de €0.182 milliún ag an gCuideachta a bhí inchurtha i leith scairshealbhoirí.

I measc na ngnóthachan suntasach sa bhliain 2009 bhí:

- Corrlach oibríochta méadaithe ó 19.3% i 2008 go dtí 20.6%.
- Bhunaigh an Bord fochoiste a dhíríonn go sonrach ar fhorbairt margaíochta agus gnó. Tagann an fochoiste le chéile ar bhonn rialta le plé a dhéanamh ar fhéidearthachtaí gnó don todhchaí
- D'éirigh go maith leis an gCuideachta ó thaobh forbairt gníomhaíochtaí loingseoireachta a chur chun cinn i mórcheantar an Inbhir. Áirítear leis seo dlúthchaidreamh a chothú le gníomhaireachtaí stáit agus le gníomhaireachtaí forbartha eile, agus láithreán gréasáin tiomnaithe a bhunú, d'fhonn saintréithe speisiúla an cheantair a chur chun cinn.
- Rinneadh dul chun cinn mór ó thaobh spricanna an Phlean Straitéisigh 2009-2013 a bhaint amach.
- Tá an Chuideachta ar bord lena cuid oibre maidir leis an bPlean Straitéiseach 2010-2014 a fhaomhadh agus a chur i láthair na Ranna Iompair agus Airgeadais faoin spriodháta.

Rialachas Corparáideach

Glacann an Chuideachta go hiomlán leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Rinneadh athbhreithniú ar an gCuideachta go luath sa bhliain 2008, féachaint an raibh sí ag cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Sonraíodh réimsí áirithe inar féidir feabhas a chur ar chúrsaí. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2008 agus 2009 d'fhonn a chinntiú go raibh an Chuideachta ag cloí leis an gCód agus tá rún ag an gCuideachta cloí go hiomlán leis. Rinneadh tuilleadh athbhreithnithe i mí Eanáir 2009 agus arís i mí Feabhra 2010 de dhroim an Chóid Chleachtais a nuashonrú i mí an Mheithimh 2009. Dheimhnigh na hathbhreithnithe sin go raibh an Chuideachta ag cloí leis an gCód i nach mór gach cáil. Nuair nach raibh an Chuideachta ag cloí go hiomlán leis an gCód, easpa ama ba chúis leis. Nuair nach raibh sí ag cloí leis ar chor ar bith, ba é socrú chonradh an Phríomhfheidhmeannaigh ba chúis leis sin

Tá Coiste Measúnaithe Rioscaí bunaithe ag an mBord ar a suíonn baill uile an Bhoird. Bíonn cúrsaí bainistíochta rioscaí ina mír ar an gclár cruinnithe ag gach cruinniú de chuid an Bhoird agus pléann an Coiste iad.

Tá sé mar aidhm ag an mBord, trí bhainistíocht feidhmeannais, córas rialuithe airgeadais inmheánaigh a fheidhmiú, a mhaolaíonn rioscaí lárnacha airgeadais agus gnó agus a chomhlíonann na treoirínte rialachais corparáide freisin. Bhí monatóireacht á dhéanamh ar an gcóras rialuithe thar ceann an Bhoird ag an gCoiste Iniúchta, faoi stiúir an Chathaoirligh an tUasal Ristéard Sadlier mar Chathaoirleach ar Choiste Iniúchta nuacheaptha.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeacht an chórais inmheánaigh um rialú airgeadais bunaithe ar obair an lucht bainistíochta laistigh den Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a fhorbraíonn agus a chothaíonn an creatlach rialaithe airgeadais, tríd a chaighdeán dearbhaithe cáilíochta ISO 9000, tríd an iniúchóir inmheánach, an Coiste Iniúchta a dhéanann maoirseoireacht ar an Iniúchadh Inmheánach, agus nótaí tráchta ón Iniúchóir Seachtrach ina litir bainistíochta.

Tá an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh tugtha do dhream seachtrach. Is ar bhunús na rioscaí atá ag bagairt ar an gcuideachta a dhéantar an t-iniúchadh inmheánach seo agus bunaíodh plean bliantúil iniúchta inmheánach 2009/2010 ar an anailís seo agus d'aontaigh an Bord air in 2009. Is de réir Cód Creatlaí um Shárchleachtas atá leagtha amach i gCód Cleachtas um Rialachas Eagraíochtaí Stáit a fheidhmíonn an soláthraí Seirbhíse Iniúchta Inmheánaigh agus cuireann sí tuarascáil go díreach chuig an gCoiste Iniúchta. Déanann an tIniúchóir Inmheánach tuairisc leis an gCoiste Iniúchta agus cuireann sé a chuid oibre os a gcomhair. Léiríonn na tuairiscí Iniúchta Inmheánaigh a cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúchta tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh ar leordhóthanacht na rialuithe atá athbhreithnithe. Rinneadh an Clár Iniúcháireachta Inmheánaí 2009/2010 a leasú agus a nuashonrú i mí na Nollag 2009 agus d'fhaomh an Bord é i mí Eanáir 2010.

Tá gach córas faoi réir iniúchadh seachtrach freisin. Bunaithe ar na córais agus na nósanna imeachta seo a bheith i bhfeidhm, dearbhaím go gclóíonn an Cuideachta leis na Treoirínte Rialachais Corparáideacha agus leis naCóid Iompair a d'eisigh an Roinn.

Infheistíocht Chaipitiúil

Ba luach €0.701 milliún a bhí ag breiseáin chaipitiúla i rith 2009. Bhain an caiteachas is suntasaí (€0.568 milliún) leis an crannóg nua a cheanach. Tá sonraíthe ag an gCuideachta na réimsí ina bhfuil easnaimh ar an infreastruchtúr agus tá sí i mbun taighde réamhphleanála faoi láthair le tabhairt faoi na heasnaimh sin.

Luach Saothair

Cloíonn Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge go hiomlán le Treoirínte an Rialtais maidir leis na táillí a íoctar le Stiúrthóirí agus maidir le beartas an Rialtais ar phá an Phríomhfheidhmeannaigh agus na fostaithe ar fad sna Comhlachtaí Stáit. Tugadh íocaíocht bhónais don Phríomhfheidhmeannach le linn na bliana

Comhlíonadh na Reachtaíochta

Ar feadh m'eolais agus mo thuairime, tá gach riachtanas reachtúil de chuid na Cuideachta comhlíonta.

Forbairtí ó Dheireadh na Bliana i Leith

Tá tograí maoinithe ullmhaithe ag an gCuideachta le haghaidh scéimeanna ábhartha sochair shainithe, rud a fhágann go mbeidh na scéimeanna lánmaoinithe faoin mbliain 2024. Tar éis do na hlontaobhaithe iad a fhaomhadh, déanfar na tograí seo a chur i láthair an Bhoird Pinsean roimh an spriocdháta le haghaidh iarratas (30 Meitheamh 2010).

Bhí Pat Ceitinn ceaptha mar Príomhfheidhmeannach ar an 18ú Márta 2010 (aisbhreathnaitheach go 5ú Meitheamh 2008).

An todhchaí

Tá sé i gceist ag an gCuideachta €1.464 milliún a infheistiú i sócmhainní seasta in 2010.

Is mian liom buíochas a ghabháil le mo chomh-Stiúrthóirí as ucht a gcuid oibre leanúnach ar son na Cuideachta i rith na bliana. Gabhaim buíochas leis na Stiúrthóirí siúd a shuigh ar na Coistí Iniúchóireachta, Luacha Saothair, agus Forbartha Margaíochta agus Gnó. Ar son an Bhoird ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann oibre as ucht a gcuid iarrachtaí agus a gcomhoibriú i rith 2009.

Cáit Nic Aonghusa
Cathaoirleach
Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge **(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth.**

Tuarascail Corparáideach Rialtais

Freagraíocht do Choras Smachta Airgeadais Inmhéanac

Thar cheann Bord na Stiúrthóirí do Chomhlacht Calafort na Sionainne agus Fhainge, adhmaíonn ár freagracht i gcóir córas éifeachtach do smachtú airgeadais inmhéanach a choiméad agus é a bheith ag feidhmiú.

Níl an córas in ann ach dearbhú reasúnta a thabhairt agus ní dearbhú iomlán go bhfuil a gcuid sochmhainn cosanta, idirbheart cinntithe agus taiféad do na cuntais tógtha agus go mbeidh cosc le aon bhotún no aon mírialtaí nó fiú iad a bhrath thar am.

Príomh Imeachtaí Smachta

Tá céimeanna tógtha ag an mbord I rith na mbliana 31 Nollaig 2009 chun cinntiú go mbeidh smacht timpeallacht tógtha

- Ag sainmhíniú freagrachtaí an bhainistíocht;
- Coras a leagann amach chun ghníomhaíochtaí a fhaireachán agus sochmhainní na hEagraíochta a chosaint;
- Córas cuimsitheach buiséadaithe a bheith ann le buiséad bliantúil a dhéanfaidh an Coiste Iniúchta athbhreithniú air agus a cheadóidh an Bord
- Traenáil a chur ar fáil do na Stiúrthóirí an Bhoird nua agus láithreach, ar a bpáirt agus a gcuid freagrachtaí;
- Tá an Chomhcoiste Iniúchoireachta gealta ar a bpáirt agus a gcuid freagrachtaí i rith an treimhse atá faoi athbhreithniú.
- Comhlíonadh an turasascáil Corparáideach Rialtais lastigh den Comhlacht.
- Beartas Bainistíochta Rioscaí a fhorbairt agus a bhunú le príomhrioscaí gnó a shonrú agus a mheas trí bhíthin :-
 - Ná dúr na bpríomhrioscaí gnó atá ag bagairt ar an eagraíocht a aithint
 - Measúnú a dhéanamh ar thionchar an ollriosca dá dtarlódh sé agus an seans atá ann go dtarlódh sé
 - Na rialacháin atá curtha i bhfeidhm chun ollriosca a mhaolú a aithint
 - Athmheasúnú a dhéanamh ar na rioscaí a thógtar ag cur san áireamh na rialacháin atá curtha i bhfeidhm le féachaint an bhfuil an bunriosca bainteach ar leibhéal atá inghlactha nó a d'fhéadfaí é a láimhseáil
 - Duine a ainmniú a bheadh freagrach as déileáil le gach riosca a aithnítear
 - Straitéisí eile a aithint nuair is gá é sin chun príomhrioscaí a bhainistiú
 - Athnuachan rialta agus nuashonrú a dhéanamh ar phróiseas a bhaineann le Riosca Gnc
- Nósanna imeachta a bhunú a ligeann d'fhostaithe na Cuideachta tuairisciú a dhéanamh, ar bhonn rúnda, ar aon mhír sa tuairisciú airgeadais nó in aon ábhar eile. Scrúdófar a leithéid de chás anna go mion.
- Leanúint ar aghaidh ag deimhniú Caighdeáin Dearbhaithe Cáilíochta ISO 9001:2008;

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth.

Tuarascáil Corparáideach Rialtais (r lean)

- Tá an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh tugtha do dhream seachtrach. Comhaontaítear obair na hiniúcháireachta inmheánaí tar éis dul i gcomhairle leis an lucht bainistíochta agus leis an gCoiste Iniúcháireachta. D'aontaigh an Bord ar an gClár Iniúchta Inmheánaigh do 2009/2010. Is de réir Cód Creatlaí um Shárchleachtais atá leagtha amach i gCód Cleachtais um Rialachas Eagraíochtaí Stáit a fheidhmíonn an soláthraí Seirbhíse Iniúchta Inmheánaigh agus tá sé freagrach go díreach don Choiste Iniúchta. Tá an tIniúcháir Inmheánach freagrach don Choiste Iniúchta agus cuireann sé a chuid oibre faoina bhráid. Léiríonn na tuairiscí Iniúchta Inmheánaigh a chuirtear faoi bhráid an Choiste Iniúchta tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh ar leordhóthanacht na rialuithe atá athbhreithnithe.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh um rialú airgeadais bunaithe ar obair an lucht bainistíochta laistigh de Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a fhorbraíonn agus a chothaíonn an creatlach rialaithe airgeadais, ar an iniúcháir inmheánach, ar an gCoiste Iniúchta a dhéanann maoirseoireacht ar an Iniúchadh Inmheánach, agus ar nótaí tráchta ón Iniúcháir Seachtrach ina litir bainistíochta.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBainistíocht ar éifeachtúlacht an chórais rialála airgeadais

Idirmheánaí sa bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2009. Ina theannta sin, lean an Iniúchadh Inmheánach ag féachaint ar na saincheisteanna a aithníodh ina n-athbhreithniú ar an Rialáil Airgeadais Inmheánach in 2007 agus 2008.

Cáit Nic Aonghusa

Cathaoirleach

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth.

Athbhreithniú Gnó agus Feidhmiú

Athbhreithniú ar Oibriúcháin 2009

Ní féidir mórán a mhaíomh as an mbliain 2009, ach, ar a laghad ar bith, tá sí curtha dinn againn anois. Táim cinnte go bhfuil go leor gnólachtaí chomh sásta liomsa faoi sin nuair a chuirtear san áireamh na laincisí airgeadais a cuireadh ar gach réimse gnó. Is maith a léirigh cliseadh na hOlltáirgeachta Intíre de lúide 7.5% na laincisí sin. I gcomhthéacs an chúlaithe eacnamaíochta, d'éirigh go maith linn i gcúrsaí airgeadais. Is cúis áthais dom a rá go bhfuil brabús againn i gcónaí in ainneoin na mórchostas aon uaire a bhaineann le cuíchóiriú. Bliain ón am seo, bhíomar ag ceapadh go mbeadh 2009 deacair orainn ach ní raibh súil againn go mbeadh sé chomh deacair is a bhí. Níor éagóir a rá gur baineadh stangadh as na saineolaithe airgeadais go léir nuair a chlis an t-éileamh domhanda agus an t-éileamh intíre araon. An cúlú eacnamaíochta a lean, bhí sé chomh géar sin nach raibh aon duine ag súil leis agus níor tháinig aon réimse gnó slán. Faoi mar a bhíothas ag ceapadh, áfach, ba í an earnáil tomhaltais a mbíonn ardráta láimhdeachais aici, agus na hearnálacha eile a bhraitheann ar éileamh ó thomhaltóirí, ba mhó a d'fhulaing. Nuair a theip ar fad ar ioncam de dheasca nach raibh éileamh ann ón earnáil tionsclaíochta, ón lucht infheistíochta agus ó thomhaltóirí, ba é an chloch ba mhó ar phaidrín na ngnólachtaí ná costais agus sreabhadh airgid a bhainistiú. Ar an nós sin, dhírigh ár lucht bainistíochta féin ar na hábhair chéanna agus creidim gur éirigh leis an gcur chuige sin. Bíodh a fhianaise sin ar an mbrabús atá ag an gCuideachta i gcónaí, más brabús measartha féin é, don bhliain 2009.

Tháinig laghdú 30% ar thréachur na dtonnaí le linn 2009, ach níor tháinig ach laghdú 12.7% ar láimhdeachas dá thoradh sin. Ní raibh an laghdú ar láimhdeachas chomh holc sin de bharr an mheascáin lasta agus gnéithe den ioncam imeallach a bhaineann leis. An laghdú ar aschur tionsclaíoch a tharla sa dara ráithe go háirithe agus, dá réir sin, an géarlaghdú a tháinig ar éileamh ar ábhar a bhaineann le slabhra an tsoláthair, chuir siad isteach go mór ar na críochfoirt is mó atá againn, iad siúd atá faoi úinéireacht phríobháideach. Anuas air sin, toisc go bhfuil laghdú de níos mó ná 10% tar éis teacht ar an éileamh ón earnáil tionsclaíochta ar leictreachas, cuireadh isteach go mór ar an gcuid sin den earnáil fuinnimh ar a bhfreastalaíonn an Chuideachta. D'éirigh i bhfad níos fearr lenár gcríochfoirt lastais ghinearálta féin. Ní raibh ach laghdú 9% ar líon na dtonnaí a théann trí Fhaing. Cé gur diúltach agus gur doghlachta é sin sa mheántéarma agus san fhadtéarma, is maith an toradh é nuair a chuirtear i gcomparáid é le poirt thráchtála eile. De réir mar a thuigimse é, meánlaghdú náisiúnta de 20% a bhí orthu siúd, agus laghdú 40% i gcásanna áirithe. Creidim go bhfuil sé ag dul chun leasa dár gcríochfoirt féin, na críochfoirt a ndéanaimidne iad a bhainistiú go díreach, go bhfuilimid ag éirí níos solúbtha i gcónaí maidir le bheith ag freastal ar chustaiméirí. Is mór an gar freisin gur infheistiomar go leor airgid i gcrannóga agus i dtrádstórais le blianta beaga anuas. Táimid ag iarraidh tionscnaimh eile fós a chur i gcrích ionas go mbeimid níos iomaíche, agus tabharfaimid, in éineacht le húsáideoirí an phoirt, aghaidh orthu siúd le linn 2010 agus ira dhiaidh sin. Mar a luadh cheana, níor éirigh go hiontach le bunáite ár n-earnálacha tráchtála, go háirithe le margadh briste an bhuilc a bhraitheann ar thionscal na tógála le táirgí a sholáthar, leithéidí cruch, adhmaid agus táirgí stroighne. Idir mhaith agus olc a d'éirigh leis an earnáil talmhaíochta: tháinig méadú mór de 20% ar thréachur bia d'ainmhithe ach tháinig laghdú ar rátaí díolacháin leasacháin sa tír.

Tugtar faoi deara gurb éard atá sa laghdú ar líon na dtonnaí ná toradh na bhfórsaí diúltacha maicreacnamaíocha. Is cúis áthais dom a rá gur choinníomar slán ár sciar den mhargadh agus, i gcás roinnt de na réimsí is tábhachtaí, gur fhás ár sciar den mhargadh. Bíodh a theist sin ar a fheabhas a chruthaigh críochfort Fhainge nuair a chuirtear i gcomparáid é leis na críochfoirt ghinearálta ag cuid de na poirt eile. Mar is dual san earnáil fóntas, tá ár struchtúr gnó dian ar chaipiteal agus is costais sheasta an chuid is mó dár gcuid costas. Ina leithéid de struchtúr, d'fhéadfadh mórlaghdú ar láimhdeachas (12.7% in 2009 inár gcás -na) drochthionchar a imirt ar ghlanbhrabús mura ndéanfaí bearta ina choinne. Mar a luadh cheana, d'éirigh go maith linn ó thaobh costais sheasta a laghdú: rinneamar laghdú de €652k (14%) ar na costais oibriúcháin. Dá thoradh sin, bhain an Chuideachta ollchorrach de 42% amach, 1% níos lú ná ollchorrach na bliana 2008. Is fiú a rá gurb é ollchorrach sin na bliana 2008 an ceann is fearr a bhain an Chuideachta amach riamh. Laghdú de €533k (21%) a cuireadh ar chostais riaracháin; laghdú de 8% a cuireadh ar chostais phárolla, rud a baineadh amach trí phá a ghearradh agus trí líon na bhfostaithe a laghdú. Fágann na laghduithe seo ar chostais go bhfuil sé i bhfad níos éasca gnó a choinneáil ar bun. Cabróidh siad go mór le fás a chothú nuair a thiocfaidh feabhas ar chúinsí eacnamaíochta.

Bhí dea-thionchar ag an laghdú a chuir an Banc Ceannais Eorpach ar a rátaí ach níor bhaineamar leas iomlán as sin de dheasca an bheartais atá againn cuid mhór den fhiach a shocrú. Ba é an toradh a bhí air sin, agus ar an laghdú de €1m a tháinig ar fhiacha a íoc, ná gur tháinig laghdú de €150k ar ár dtáille úis. Léiríonn an tuilleamh roimh ús, chánacha agus amúchadh (EBITA) de €3.6m (2008: €3.8m) a thiomanta is a bhíomar ag bainistiú na gcostas agus a fheabhas is a d'éirigh linn. Treisítear air sin nuair a chuirtear san áireamh na droch-chúinsí airgeadais; is maith a léirigh an laghdú de €1.4m a tháinig ar láimhdeachas agus ár struchtúr oibriúcháin fónais na droch-chúinsí sin. Táimid ag súil leis an bhforbairt chéanna sa bhliain 2010; is ar mheon lucht gnó a bhraitheann deiseanna le hioncam a chothú sa ghearrthéarma, agus braitheann sé sin go mór ar éileamh ó thomhaltóirí. Glactar leis go coitianta nach dtiocfaidh athrú ar an éileamh go dtí go dtiocfaidh laghdú ar choigilteas tomhaltóirí (12% d'Olltáirgeacht Intíre atá ann faoi láthair).

Caiteachas Caipitiúil

Rinneamar €706k a infheistiú sa bhliain 2009, an chuid is mó de i gcrannóg nua. Fágann sin gur €17m atá infheistithe againn in infreastruchtúr le sé bliana anuas. Le linn 2009, leanamar de na pleananna chun toilleadh an phoirt a mhéadú. Rinneamar dul chuncinn mór ar staidéir indéantachta a phléann le hinfreastruchtúr a chur leis an gcé amach anseo. Is éard is aidhm linn ná gach riachtanas réamhphleanála agus indéantachta a chomhlíonadh faoi dheireadh na bliana 2010. Nuair a chuirtear san áireamh go dtógann sé 7 mbliana ar an meán lena leithéid d'infreastruchtúr a thógáil, agus a thábhachtaí don straitéis náisiúnta is atá sé toilleadh cúí a bheith sa phort, ní foláir an próiseas toilithe reachtúil a dhéanamh níos éifeachtaí. D'fhonn é sin a dhéanamh níos éasca, creidimid gur cheart go mbeadh an próiseas urthrá ar aon bhonn leis an bpróiseas pleanála. I dtaca le caiteachas caipitiúil le linn 2010, tá sé i gceist againn na hacmhainní comhraicthe dóiteáin san Fhaing a fheabhsú. Tá trealamh nua faighte againn cheana féin agus tá €1.5m tugtha againn d'infheistíocht chaipitiúil.

Creidiúnaithe Fadtéarmacha

Ar aon bhonn leis an laghdú ar chostais a cuireadh i bhfeidhm le linn na bliana, tháinig méadú de €800k ar an sreabhadh airgid ó oibriúcháin go €2.7m. Den chéad uair le blianta anuas, bhí leachtacht dhearfach againn. Mar a luadh thuas, ghearramar an fiach fadtéarmach go €15m le linn na tréimhse, arb ionann é agus laghdú de €1m. Tagann an ghíaráil fiachais atá againn (53%) leis an ngnáthráta a bhíonn ag gnólachtaí fónais a bhíonn dian ar chaipiteal. Tá ár gcumhdach úis níos mó ná cúig oiread mhéid EBITA. Déanann Alt 24 den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008 foráil gur féidir síneadh ama a chur le togra maoinithe má shocraíonn an Bord Pinsean amhlaidh. D'éirigh leis an gCuideachta an fhoráil sin a chur i bhfeidhm agus táthar ag súil go gcuirfidh iontaobhaithe na scéimeanna togra maoinithe isteach go luath sa bhliain 2010, ag cur na leasuithe sin ar an reachtaíocht chun sochair dúinn féin. An togra maoinithe atá á mholadh ag an gCuideachta agus ag iontaobhaithe na scéimeanna, táimid dóchasach go gcomhlíonfaidh sé an dá sprioc atá againn: na dualgais atá orainn de réir na scéimeanna a chomhlíonadh agus cosaint a dhéanamh ar shreabhadh airgid chorparáidigh.

I dtaca le feidhmíocht na bpinsean i mbliana, imríodh tionchar orainn de thoradh luach sócmhainní a bheith trína chéile anuraidh. Thart ar 10% an toradh ar shócmhainní a bhí againn i mbliana. Os a choinne sin, tháinig méadú de €600k ar ár n-easnamh go €12.8m glan ó cháin iarchurtha. Tugtar faoi deara gurb éardis cúis leis an méadú sin ná na tomhais achtúireacha a úsáideadh leis an méadú ar rátaí báis a mheas. Ba é an toradh a bhí ar rátaí báis a ath-thomhas ná gur tháinig méadú de €2m ar oibleagáidí de réir na scéime. Ach chabhraigh fás sócmhainní agus athruithe i mballraíocht na scéime cuid den mhéadú sin a ghlanadh.

Na Blianta Atá Amach Romhainn

Rinneamar dul chun cinn mór le linn 2009 ó thaobh cuid mhaith de na spriocanna sa phlean stratéiseach forbartha a bhaint amach. Táimid ag leanúint de seo sa bhliain 2010. Is é an phríomhaidhm atá againn ná saintréithe nádúrtha Inbhear na Sionainne a chur chun cinn go mór. Chun é seo a dhéanamh, tá an tÚdarás Forbartha Tionscail, Fuinneamh Inmhartrana Éireann, Forbairt na Sionna agus muid féin ag obair le chéile d'fhonn Inbhear na Sionainne a chur chun cinn agus a mhargú mar Lárphointe Fhuinneamh Aigéan na hEorpa. Tá sé i gceist againn freisin na háiteanna seo a chur chun cinn mar ionaid chóimeála agus chothabhála: port domhainmhara Fhainge, an mórshuíomh tionsclaíoch ag Eas Géitine a bhfuil seirbhísí le fáil ann, Saincheantar Domhainmhara Chiarraí (90 heicteár de thalamh leis an Stát atá criosaithe le haghaidh tionscail atá ann) agus na suíomhanna domhainmhara nádúrtha ar an inbhear Ó thaobh forbairt a dhéanamh ar an Inbhear sa mheántearma agus san fhadtearma, tá cosúlacht mhaith ar chúrsaí maidir leis an lárphointe fuinnimh seo a chur chun cinn san earnáil fuinnimh ir-athnuaite agus san earnáil fuinnimh thraidisiúnta. Ar an ábhar sin, tá dhá sholáthraí dhomhandain *situ* cheana féin: BSL ag Rinn Mhachan agus Endesa ag Tairbeart. Tá cead pleanála faighte ag an tríú soláthraí, Shannon LNG, agus tá seisean nach mór réidh le críochfort gáis a chur ag Béal Átha Longfoirt.

Tá pleananna uailmhianacha againn le feabhas a chur ar infreastruchtúr na cé ag an áit a bhfuil ár saoráidí féin agus, mar a luadh thuas, tá go leor den obair réamhphleanála agus indéantachta déanta againn cheana féin. Tugtar faoi deara freisin go dtosóidh críochfort AFSC ag Faing ar oibriúcháin sa dara leath den bhliain 2010. Táimid ag súil go mór leis na deiseanna a chuirfidh an tionad seo ar fáil, ionad a bhfuil 80,000m³ ann agus a tógadh le maoiniú príobháideach de €30m.

Táimid ag glacadh páirte gníomhaí sna comhairliúcháin, ag ceapadh na bpleananna éagsúla údarás áitiúil agus an phlean straitéisigh do cheantar an Iarthair Láir. Is éard is aidhm linn sna comhairliúcháin seo ná cur chun cinn a dhéanamh, ar bhealach straitéiseach, ar cháil an phoirt, ar riachtanais chriosaithe agus nascachta an phoirt, ar Inbhear na Sionainne mar lárphointe fuinneamh aigéin agus ar an ngá atá le comhoibriú idir an lucht forbartha agus an lucht caomhnaithe agus iad ag ceapadh beartas agus spriocanna.

Mar chríoch, tá dul chun cinn mór déanta againn ó thaobh córas foirmiúil bainistíochta rioscaí a chur ar bun ar fud na Cuideachta. Anuas air sin, táimid i gcónaí ag iarraidh bheith bonn ar aon le caighdeáin fhoirmiúla an tionscail i réimsí ar nós sláinte agus sábháilteachta agus rialuithe comhshaoil.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár gcuid fostaithe uile as an obair chrua a rinne siad agus as an díograis a léirigh siad le linn na bliana deacra seo. Is mór againn gach a ndearna siad.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Stiúrthóirí as cúnamh agus treoir a thabhairt domsa agus don fhoireann bhainistíochta le linn na bliana. Táim buíoch freisin d'fhoireann na Rannóige Iompair Muirí, ar cuid den Roinn Iompair Í, as an gcabhair a thug siad dom i rith na bliana.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcuid custaiméirí as a gcuid tacaíochta le linn na bliana. Tá súil agam go leanfaidh siad den tacaíocht chéanna sna blianta atá amach romhainn

P. ó'Céitinn

Príomhfheidhmeannact

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge **(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth**

Tuairisc Neamhspleach an Iniúcháir

Tuairisc neamhspleach an iniúcháir do baill Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht cuideachta faoi theorainn scaireanna) agus a fochuideachta ghnóthas.

Tá iniúchain déanta againn ar na Ráitéis Airgeadais do Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge Teoranta don bliain dár gcíoch 31 Nollag 2007 ar leathanacháí 18 go dtí 36 atá ullmhaithe faoi an comhdháil costas stairiúil agus an polasaí cuntasáíochta atá leagtha amach ar leathanacháí 16 go dtí 17.

Dualgasáí na Stiúrthóirí agus Iniúcháirí faoi seach

Mar atá ráite i Dualgasáí Ráitís na Stiúrthóirí ar leathanach 3 tá stiúrthóirí na comhlachta freagrach as ucht ullmhacháin na Ráitís Airgeadais i gcomhréireacht an dlí cóir agus caighdeán cuntasáíochta na hÉireann.

Sé ár ndualgas ná iniúchain a dhéanadh ar na ráitéis airgeadais i gcomhréireacht leis an dlí cóir agus na riachtanasaí agus caighdeán cuí iniúcháin at leagtha síos ag an mBord Iniúcháin Cleachtaí i nÉireann agus Sasana.

Tá an tuairisc seo déanta do scairsealbhóirí an chomhlachta amháin, mar aon le Rannóg 193 do Acht na Comhlachtaí, 1990. Tá an obair iniúcháin déanta sa chaoi gur féidir linn ríocht a thabhairt do scairsealbhóirí na comhlachta na h-abhair ina bhfuil gá dúinn ríocht a thabhairt ar an tuairisc iniúchoir agus ní le aon cúis eile. Go ceann scríbe an dlí, níl muid freagracht do aon duine ach amháin an comhlacht agus scairsealbhóirí an chomhlachta mar aonad, as ár n-obair iniúcháireachta, don tuairisc seo, no aon barúil atá cruthaigh againn.

Cuireann muid tuairisc ar fáil duit in ár dtuairim go bhfuil na ráitéis airgeadais ag tabhairt pictiúr ceart agus cóir agus go bhfuil siad ullmhaithe i gceart agus i gcomhréireacht le Acht na Comhlachtaí 1963-2006. Tugann muid tuairisc freisin inár dtuairim má choinnigh an comhlacht leabhraá cuntais i gceart, má bhí cás airgeadais ag dáta an clár comhardaithe ina gcaithfidh an chomhlacht glaoch ar chruinniú ginearalta neamhghnách agus ma ta an-eolais i Tuairisc na Stiúrthóir mar a cheile leis na ráitéis airgeadais. Chomh maith le sin, tugann muid le rá má tá an t-eolais agus na miniúchain uile faighte againn don iniúchain agus má tá clár comhardaithe an comhlachta agus an cuntas ar brabús agus cailteanas mar a cheile le na leabhraí cuntais.

Cuireann muid tuairisc ar fáil do na scairsealbhóirí, inár dtuairim má ta aon eolas nach bhfuil tugtha mar gheall ar luach saothair na stiúrthóirí agus idirbheart na stiúrthóirí atá riachtanach de réir dlí agus má tá se practiúil an t-eolais seo á cuir san áireamh inár dtuairisc.

Léigh muid Tuairisc na Stiúrthóirí agus deanann muid machnamh ar aon ní inár dtuairisc ma thagann muid ar an -eolais faoi aon ráitéis atá as bealach ann. Níl muid freagracht as aon eolas eile.

Bun tuairim an iniúcháir

Rinneadh muid treoir ar an iniúchain i gcomhréir leis an caighdeán iniúchain atá isithe ag an Bord Cleachtadh Iniúchain. Cuireann an iniúchain san áireamh scrudú, ar buan triail, ar fianaise atá cuí don mhéid agus do na nochtacháin sna ráitéis airgeadais. Tugann se san áireamh freisin na meastacháin tromchiallach cáinmheas agus breithiúnais atá déanta ag na stiúrthóirí i réiteach na ráitéis airgeadais, agus má tá na polasaí cuntasáíochta cuí do chursaí an chomhlachta, cuireadh i bhfeidhm comhsheasmhacht agus nochtadh sách oiriúnach

Leag muid amach agus chomhlíon muid ar iniúchain leis an t-eolais agus na miniúchain ar fad a cheap muid a bhí riachtanach dúinn chun i ndóthain fianaise a fháil chun cinntiú dúinn go raibh na ráitéis airgeadais saor ó abhar mí-ráitéis, más le cuis calaois nó aon ábhar neamhrialta nó le botún. Ag tabhairt ar dtuairimí rinneadh muid meastóireacht ar an sách oiriúnach iomlán i leagann amach an t-eolais sna ráitéis airgeadais.

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóth.

Tuairisc Neamhspleach an Iniúcháin (ar lean)

Tuairim

Inár dtuairim tugann na ráitis airgeadais radharc cóir agus fíor i ngothaí an chomhlacht agus an ghrúpa ar an 31 Nollag 2008 agus an brabús agus ráiteas faoi shreabhadh airgid an ghrúpa don bhliain atá cíochnaithe agus atá leagtha amach de réir Acht na Comhlachtaí 1963 – 2006 agus an Pobail Eorpach (Comhlachtaí Grúpa Contasai) Rialacháin 1992.

Fuaireamar an t-eolais agus na miniúcháin a cheap muid a bhí riachtanach don iniúcháin. Inár dtuairim, choinnígh an comhalcht leabhairí cuntasaiócht cuí. Tá na ráitéis airgeadais agus na leabhair cuntasaiócht ag aontú lena chéile. Inár dtuairim tá an t-eolais tugtha i Tuairisc na Stiúrtóirí ar leathanachaí 3 to dtí 5 comhsheasmhacht leis an ráitis airgeadais.

